Tá Parlaimint na hEorpa,
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0093(COD)

10.10.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú
(COM(2023)0185 – C9-0128/2023 – 2023/0093(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Assita Kanko

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRAFT EUROPEAN PARLIAMENT LEGISLATIVE RESOLUTION 5

EXPLANATORY STATEMENT 26

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú
(COM(2023)0185 – C9-0128/2023 – 2023/0093(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0185),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 82(1), pointí (b) agus (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0128/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach iarraidh arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla. ***Is coincheap uathrialach de dhlí an Aontais iad imeachtaí coiriúla arna léiriú***	(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach iarraidh arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla.

ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'ainneoin cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, a thosaíonn ón tráth a chuireann údaráis inniúla Ballstáit duine ar an eolas go bhfuil drochamhras faoi go ndearna sé cion coiriúil nó tráth a chuirtear cion coiriúil ina leith go dtí go dtugtar na himeachtaí sin i gcrích, atá le tuiscint mar an cinneadh deiridh cinntitheach maidir leis an gceist, cé acu a rinne nó nach ndearna an duine sin an cion coiriúil, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an phianbhreith a ghearradh agus aon achomharc a réiteach.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta nósanna imeachta mar a chumhdaítear iad i ndlí an Aontais, amhail an Chairt, agus Treoracha 2010/64/AE, 2012/13/AE, 2013/48/AE, (AE) 2016/343, (AE) 2016/800 agus (AE) 2016/1919 um chearta nósanna imeachta.	(20) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta nósanna imeachta mar a chumhdaítear iad i ndlí an Aontais, amhail an Chairt, agus Treoracha 2010/64/AE[54], 2012/13/AE[55], 2013/48/AE[54]56, (AE) 2016/343[57], (AE) 2016/800[58] agus (AE) 2016/1919[59] um chearta nósanna imeachta. ***Ba cheart don údarás iarrthach a áirithiú go n-urramófar na cearta nós imeachta faoi dhlí AE agus faoin dlí náisiúnta, agus aistriú imeachtaí coiriúla á iarraidh faoin Rialachán seo.***
Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).	[54] Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).
Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i	[55] Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i

gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

[56] Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillte an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

[58] Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

[56] Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillte an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

[57] Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

[58] Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

[59] Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) I gcás inar náisiúnach den Stát iarrtha é an duine atá faoi dhrochamhras nó	(25) I gcás inar ***náisiúnaigh*** den Stát iarrtha iad ***na daoine*** atá faoi

atá cúisithe, nó i gcás ina bhfuil cónaí ar an duine sin sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú imeachtaí coiriúla chun ceart an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a bheith i láthair ag an triail a áirithiú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/343. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil formhór na n-íospartach ina náisiúnaigh den Stát iarrtha, nó i gcás ina bhfuil cónaí orthu sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú chun a ligean d'íospartaigh a bheith rannpháirteach go héasca sna himeachtaí coiriúla agus scrúdú a dhéanamh orthu go héifeachtach mar fhinnéithe le linn na n-imeachtaí. I gcásanna ina ndiúltaítear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a thabhairt suas, duine ar eisíodh Barántas Gabhála Eorpach ina leith, sa Stát iarrtha ar na forais a shonraítear sa Rialachán seo, féadfaidh údar a bheith le haistriú freisin i gcás ina bhfuil an duine sin i láthair sa Stát iarrtha gan a bheith ina náisiúnach den Stát sin nó gan a bheith ina chónaí sa Stát sin.

dhrochamhras nó atá cúisithe, nó i gcás ina bhfuil cónaí ***orthu*** sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú imeachtaí coiriúla chun ceart ***na ndaoine*** atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a bheith i láthair ag an triail a áirithiú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/343. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil na híospartaigh ina náisiúnaigh den Stát iarrtha, nó i gcás ina bhfuil cónaí orthu sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú chun a ligean d'íospartaigh a bheith rannpháirteach go héasca sna himeachtaí coiriúla agus scrúdú a dhéanamh orthu go héifeachtach mar fhinnéithe le linn na n-imeachtaí. I gcásanna ina ndiúltaítear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a thabhairt suas, duine ar eisíodh Barántas Gabhála Eorpach ina leith, sa Stát iarrtha ar na forais a shonraítear sa Rialachán seo, féadfaidh údar a bheith le haistriú freisin i gcás ina bhfuil an duine sin i láthair sa Stát iarrtha gan a bheith ina náisiúnach den Stát sin nó gan a bheith ina chónaí sa Stát sin.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Is faoin údarás iarrthach é measúnú a dhéanamh ar bhonn an ábhair atá os a chomhair, cé acu is ann nó nach ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an t-íospartach sa Stát iarrtha. I gcás nach mbíonn ach faisnéis theoranta ar fáil, d'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith ina ábhar comhairliúchán idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha. Féadfaidh cúinsí oibiachtúla éagsúla, lena dtugtar le fios go bhfuil gnáthshuíomh a leasanna bunaithe ag an duine lena mbaineann i mBallstát ar leith nó go bhfuil sé ar intinn aige déanamh	(26) Is faoin údarás iarrthach é measúnú a dhéanamh ar bhonn an ábhair atá os a chomhair, cé acu is ann nó nach ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an t-íospartach sa Stát iarrtha. I gcás nach mbíonn ach faisnéis theoranta ar fáil, d'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith ina ábhar comhairliúchán idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha. Féadfaidh cúinsí oibiachtúla éagsúla, lena dtugtar le fios go bhfuil gnáthshuíomh a leasanna bunaithe ag an duine lena mbaineann i mBallstát ar leith nó go bhfuil sé ar intinn aige déanamh

amhlaidh, a bheith ábhartha. D'fhéadfadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine sa Bhallstát iarrtha, go háirithe, i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir sa Stát iarrtha, agus cárta aitheantais, cead cónaithe nó clárú i gclár oifigiúil cónaithe ina sheilbh aige. I gcás nach bhfuil an duine sin cláraithe sa Stát iarrtha, ba cheart cónaí a thabhairt le fios leis an bhfíoras gur léirigh duine go raibh sé i gceist aige é féin a lonnú sa Bhallstát sin nó go bhfuil, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, naisc áirithe faighte aige leis an mBallstát sin ar naisc iad atá cosúil le cinn a d'eascródh as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh, i gcás sonrach, cé acu atá nó nach bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát iarrtha, as a dtagann fíorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát sin, is gá tosca oibiachtúla éagsúla is saintréith do chás an duine sin a chur san áireamh, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha a láithreachta sa Stát iarrtha nó na naisc theaghlaigh nó eacnamaíocha atá ag an duine sin leis na Stát iarrtha. Feithicil chláraithe, clárú uimhreach teileafóin, cuntas bainc, an fíoras nach raibh briseadh i bhfanacht an duine sa Stát iarrtha nó tosca oibiachtúla eile, féadfaidh siad a bheith ábhartha chun a chinneadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát iarrtha. Cuairt ghairid, fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht cosúil leis sin sa Stát iarrtha gan aon nasc substaintiúil eile, níor cheart don mhéid sin a bheith leordhóthanach chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin. ***Ar an taobh eile, ba cheart, i bhformhór na gcásanna, fanacht gan bhriseadh de 3 mhí ar a laghad a mheas mar ní leordhóthanach chun cónaí a bhunú.***

amhlaidh, a bheith ábhartha. D'fhéadfadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine sa Bhallstát iarrtha, go háirithe, i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir sa Stát iarrtha, agus cárta aitheantais, cead cónaithe nó clárú i gclár oifigiúil cónaithe ina sheilbh aige. I gcás nach bhfuil an duine sin cláraithe sa Stát iarrtha, ba cheart cónaí a thabhairt le fios leis an bhfíoras gur léirigh duine go raibh sé i gceist aige é féin a lonnú sa Bhallstát sin nó go bhfuil, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, naisc áirithe faighte aige leis an mBallstát sin ar naisc iad atá cosúil le cinn a d'eascródh as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh, i gcás sonrach, cé acu atá nó nach bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát iarrtha, as a dtagann fíorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát sin, is gá tosca oibiachtúla éagsúla is saintréith do chás an duine sin a chur san áireamh, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha a láithreachta sa Stát iarrtha nó na naisc theaghlaigh nó eacnamaíocha atá ag an duine sin leis na Stát iarrtha. Féadfaidh feithicil chláraithe, clárú uimhreach teileafóin, cuntas bainc, an fíoras nach raibh briseadh i bhfanacht an duine sa Stát iarrtha nó tosca oibiachtúla eile a bheith ábhartha chun a chinneadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát iarrtha. Níor cheart cuairt ghairid, fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht cosúil leis sin sa Stát iarrtha gan aon nasc substaintiúil eile, a bheith leordhóthanach chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe nó ag íospartaigh a iarraidh go n-aistreofaí na himeachtaí coiriúla a bhaineann leo chuig Ballstát eile. Níor cheart go gcuirfí d'oibleagáid ar an údarás iarrthach nó ar an údarás iarrtha, leis na hiarrataí sin, imeachtaí coiriúla a iarraidh nó a aistriú. Má thagann na húdaráis ar an eolas go bhfuil imeachtaí coiriúla comhthreomhara ar bun ar bhonn iarraidh ar aistriú arna cur isteach ag an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó ag an íospartach, nó ag dlíodóir thar a cheann, tá sé de dhualgas orthu ansin dul i gcomhairle le chéile i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB.	(29) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe nó ag íospartaigh a ***mholadh*** go n-aistreofaí na himeachtaí coiriúla a bhaineann leo chuig Ballstát eile. Níor cheart go gcuirfí d'oibleagáid ar an údarás iarrthach nó ar an údarás iarrtha, leis na ***moltaí*** sin, imeachtaí coiriúla a iarraidh nó a aistriú. Má thagann na húdaráis ar an eolas go bhfuil imeachtaí coiriúla comhthreomhara ar bun ar bhonn ***molta*** ar aistriú arna cur isteach ag an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó ag an íospartach, nó ag dlíodóir thar a cheann, tá sé de dhualgas orthu ansin dul i gcomhairle le chéile i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart don údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir leis an aistriú atá beartaithe agus ba cheart dó an fhéidearthacht a sholáthar don duine sin a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis a leasa dlisteanacha a chur san áireamh roimh iarraidh ar aistriú a eisiúint. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leas dlisteanach an duine atá faoi drochamhras nó atá cúisithe maidir lena chur ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe, ba cheart don údarás iarrthach a	(30) Ba cheart don údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir leis an aistriú atá beartaithe agus ba cheart dó an fhéidearthacht a sholáthar don duine sin a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis a leasa dlisteanacha a chur san áireamh roimh iarraidh ar aistriú a eisiúint. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leas dlisteanach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe maidir lena chur ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe, ba cheart don údarás iarrthach a

chur san áireamh an gá atá le rúndacht an imscrúdaithe agus an baol maidir le dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine sin, e.g. tráth ar bith a mbeadh gá le leas tábhachtach an phobail a chosaint, amhail i gcásanna ina bhféadfadh faisnéis den sórt sin dochar a dhéanamh d'imscrúduithe rúnda leanúnacha nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do shlándáil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na himeachtaí coiriúla ar siúl. I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi drochamhras nó atá cúisithe a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh, ní mór feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir le duine den sórt sin a chur ar an eolas a luaithe agus a athraíonn na cúinsí sin.	chur san áireamh an gá atá le rúndacht an imscrúdaithe agus an baol maidir le dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine sin, e.g. tráth ar bith a mbeadh gá le leas tábhachtach an phobail a chosaint, amhail i gcásanna ina bhféadfadh faisnéis den sórt sin dochar a dhéanamh d'imscrúduithe rúnda leanúnacha nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do shlándáil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na himeachtaí coiriúla ar siúl. I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi drochamhras nó atá cúisithe a aimsiú ***nó teacht orthu*** d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh, ní mór feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir le duine den sórt sin a chur ar an eolas a luaithe agus a athraíonn na cúinsí sin.
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i ngach cás ina ndéantar imeachtaí coiriúla a aistriú san Aontas ón tráth a shainaithnítear duine mar dhuine atá faoi dhrochamhras.	2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i ngach cás ina ndéantar imeachtaí coiriúla a aistriú san Aontas ***maidir le daoine atá faoi dhrochamhras***.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ciallaíonn 'íospartach' íospartach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2012/29/AE.	(6) ciallaíonn 'íospartach' íospartach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2012/29/AE***, nó duine dlítheanach, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, dá ndearnadh díobháil nó caillteanas eacnamaíoch mar thoradh díreach ar chion coiriúil arb é is cuspóir***

	d'imeachtaí coiriúla a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh dlínse ag an Stát iarrtha ar aon chion coiriúil a bhfuil dlí an Stáit iarrthaigh infheidhme maidir leis, sna cásanna seo a leanas:	1. ***Mura ndéantar foráil maidir le dlínse cheana i ndlí baile an Stáit iarrtha,*** chun críche an Rialacháin seo, beidh dlínse ag an Stát iarrtha ar aon chion coiriúil a bhfuil dlí an Stáit iarrthaigh infheidhme maidir leis, sna cásanna seo a leanas:

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An dlínse arna bunú ag an Stát iarrtha go heisiach de bhua mhír 1, ní fhéadfar í a fheidhmiú ach amháin de bhun iarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla.	2. An dlínse arna bunú ag an Stát iarrtha go heisiach de bhua mhír 1, ní fhéadfar í a fheidhmiú ach amháin de bhun iarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla ***faoin Rialachán seo***.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) gur dócha go gcuirfeadh forfheidhmiú na pianbhreithe sa Stát iarrtha leis an dóchúlacht maidir le hathshlánú sóisialta an duine ar cuireadh pianbhreith air nó go bhfuil cúiseanna eile ann chun an phianbhreith a	***scriosta***

fhorfheidhmiú ar bhealach níos iomchuí sa Stát iarrtha;

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) Tá údaráis inniúla na mBallstát tagtha ar chomhdhearcadh maidir le comhchruinniú na n-imeachtaí i mBallstát amháin, tar éis na comhairliúcháin dhíreacha faoi Chinneadh Réime 2009/948/CGB.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, nó tromlach na n-íospartach, nó dlíodóir thar a gceann, iarraidh ar údaráis inniúla an Stáit iarrthaigh nó an Stáit iarrtha nós imeachta a thionscnamh chun imeachtaí coiriúla a aistriú faoin Rialachán seo. Ní chruthóidh iarrataí arna ndéanamh faoin mír seo oibleagáid don Stát iarrthach nó don Stát iarrtha imeachtaí coiriúla a iarraidh ar an Stát iarrtha nó a aistriú chucu.	3. Féadfaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó ***íospartach amháin nó níos mó***, nó dlíodóir thar a gceann, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta, teagmháil a dhéanamh le*** húdaráis inniúla an Stáit iarrthaigh ***le moladh*** imeachtaí coiriúla a aistriú ***faoi choinníollacha*** an Rialacháin seo. ***Má dhéantar moladh den sórt sin ón duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó ó íospartaigh, chuig an údarás inniúil sa Stát iarrthach, féadfaidh an t-údarás sin a chinneadh dul i gcomhairle leis an údarás inniúil sa Stát iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 15 (2).*** Ní chruthóidh ***moltaí*** arna ndéanamh faoin mír seo oibleagáid don Stát iarrthach nó don Stát iarrtha imeachtaí coiriúla a iarraidh ar an Stát iarrtha nó a aistriú chucu. ***Má chinneann an t-údarás iarrthach na himeachtaí coiriúla a aistriú***

tar éis moladh faoin mír seo, is iad údaráis inniúla an Stáit iarrtha a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an iarraidh ar aistriú.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sula n-eiseofar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, tabharfaidh an t-údarás iarrthach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, aird chuí ar leasanna dlisteanacha an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe agus áiritheoidh sé go n-urramófar a gcearta nós imeachta faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.	1. Sula n-eiseofar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, tabharfaidh an t-údarás iarrthach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, aird chuí ar leasanna dlisteanacha an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, cuirfear in iúl don duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go bhfuil sé beartaithe imeachtaí coiriúla a aistriú, i dteanga a thuigeann siad, agus tabharfar deis dó a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. I gcás ina measfaidh an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó i bhfianaise bhail choirp nó mheabhrach an duine sin, tabharfar an deis	2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, ***nó nach ndéanfaidh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile, ach amháin i gcás inarb iomchuí ag brath ar imthosca an cháis, féadfar*** an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ***ar cuireadh in iúl dóibh cheana go bhfuil siad faoi dhrochamhras nó go bhfuil coir curtha ina leith*** a chur ar an eolas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go bhfuil sé beartaithe imeachtaí coiriúla a aistriú, i dteanga a thuigeann siad, agus tabharfar deis dó a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú ***nó teacht orthu*** d'ainneoin

dá ionadaí dlíthiúil a thuairim a lua. I gcás ina ndéantar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis iarraidh a fháil ón duine atá faoi dhrochamhras nó ón duine atá cúisithe faoi Airteagal 5(3), ní gá dul i gcomhairle den sórt sin leis an duine atá faoi dhrochamhras nó leis an duine atá cúisithe a rinne an iarraidh.	iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. I gcás ina measfaidh an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe nó i bhfianaise bhail choirp nó mheabhrach an duine sin, tabharfar an deis dá ionadaí dlíthiúil a thuairim a lua. I gcás ina ndéantar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis ***moladh*** a fháil ón duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe faoi Airteagal 5(3), ní gá dul i gcomhairle den sórt sin leis an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a rinne an iarraidh.
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe dá dtagraítear i mír 2 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.	3. ***Tabharfar*** an tuairim dá dtagraítear i mír 2 ***tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis iarraidh ar*** an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ***déanamh amhlaidh agus*** cuirfidh an t-údarás iarrthach é san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní chuirfidh tuairim dhiúltach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe maidir le haistriú imeachtaí coiriúla cosc ar aistriú den sórt sin má chinneann an t-údarás iarrtha glacadh leis i gcomhréir le hAirteagal 12.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1), déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann siad, faoi eisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla agus faoi ghlacadh nó diúltú an aistrithe ina dhiaidh sin ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. Má tá cinneadh déanta ag an údarás iarrtha glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, cuirfear an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas dlí a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama don leigheas sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, agus i gcás ina bhfuil cónaí ar an íospartach sa Stát iarrthach, cuirfear ar an eolas é, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, faoin aistriú atá beartaithe ar imeachtaí coiriúla, i dteanga a thuigeann sé, agus tabharfar deis dó a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn. I gcás ina	2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe ***nó nach ndéanfaidh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile,*** cuirfear ***íospartaigh a bhfuil cónaí orthu*** sa Stát iarrthach, ***agus a d'iarr an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 6 (1), pointe (a) de Threoir 2012/29/AE***, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, ***ach amháin i gcás inarb***

measann an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an íospartaigh nó a bhail choirp nó mheabhrach, tabharfar an deis sin d'ionadaí dlíthiúil an íospartaigh.	***iomchuí ag brath ar imthosca an cháis,*** ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe ar imeachtaí coiriúla, i dteanga a thuigeann siad, agus tabharfar deis dóibh a dtuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn. I gcás ina measann an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an íospartaigh nó a bhail choirp nó mheabhrach, tabharfar an deis sin d'ionadaí dlíthiúil an íospartaigh.
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim an íospartaigh dá dtagraítear i mír 2 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.	3. Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim ***an íospartaigh*** dá dtagraítear i mír 2 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh. ***Ní chuirfidh tuairim dhiúltach an íospartaigh maidir le haistriú an imeachta choiriúil cosc ar aistriú den sórt sin má chinneann an t-údarás iarrtha glacadh leis i gcomhréir le hAirteagal 12.***
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1), déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, an t-íospartach a bhfuil cónaí air sa Stát iarrthach a chur ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann siad, maidir le heisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla agus maidir le glacadh nó diúltú	***scriosta***

an aistrithe ag an údarás iarrtha ina dhiaidh sin. Má ghlac an t-údarás iarrtha le haistriú imeachtaí coiriúla, cuirfear an t-íospartach ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas dlí atá ar fáil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama le haghaidh leigheas den sórt sin.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 8	***scriosta***
An ceart chun leigheas dlí a fháil	
1. Beidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, ag daoine atá cúisithe agus ag íospartaigh leigheasanna éifeachtacha dlí a fháil sa Stát iarrtha in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.	
2. Déanfar an ceart chun leigheas dlí a fháil a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát iarrtha i gcomhréir lena dhlí.	
3. Ní bheidh an teorainn ama chun leigheas dlí a lorg níos faide ná 20 lá ón dáta a fhaightear an fhaisnéis faoin gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 12(1).	
4. I gcás ina n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis dhíotáil an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, beidh éifeacht fionraíochta ag an gcaingean ar leigheas dlí in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.	
5. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na leigheasanna dlí atá á lorg faoin Airteagal seo.	

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt suas agus úsáid á baint as an deimhniú a leagtar amach san Iarscríbhinn. Síneoidh an t-údarás iarrthach an deimhniú agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn agus ceart.	1. Déanfar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt suas agus úsáid á baint as an ***bhfoirm iarratais*** a leagtar amach san Iarscríbhinn. Síneoidh an t-údarás iarrthach an ***fhoirm iarratais*** agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn agus ceart.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) faisnéis faoi ghníomhartha nó bearta nós imeachta a bhfuil tionchar acu ar na himeachtaí coiriúla atá déanta sa Stát iarrthach;	(f) faisnéis faoi ghníomhartha nó bearta nós imeachta a bhfuil tionchar acu ar na himeachtaí coiriúla atá déanta sa Stát iarrthach***, lena n-áirítear aon bheart leanúnach sealadach comhéigneach agus an teorainn ama chun beart den sórt sin a chur i bhfeidhm***;

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. An deimhniú a bheidh líonta isteach dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh leis an údarás iarrtha, aon fhaisnéis eile i scríbhinn a bheidh ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, aistreofar iad go teanga	5. An ***fhoirm iarratais*** a bheidh líonta isteach dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh leis an údarás iarrtha, aon fhaisnéis eile i scríbhinn a bheidh ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, aistreofar iad go teanga

oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó go haon teanga eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c).	oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó go haon teanga eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c).
	Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoina chinneadh réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 laistigh de theorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 14.
	Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) mura bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil***. D'fhéadfadh*** dlínse ***den sórt sin eascairt*** as Airteagal 3.	(f) mura bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil ***lena n-áirítear*** dlínse ***a eascraíonn*** as Airteagal 3.
	Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar comhairliúcháin a dhéanamh freisin sula n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, go háirithe d'fhonn a chinneadh an bhfónfadh an t-aistriú do leasanna riar éifeachtúil cuí an cheartais. Chun aistriú imeachtaí coiriúla ón Stát iarrthach a mholadh,	2. ***Déanfar*** comhairliúcháin freisin sula n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, go háirithe d'fhonn a chinneadh an bhfónfadh an t-aistriú do leasanna riar éifeachtúil cuí an cheartais. Chun aistriú imeachtaí coiriúla ón Stát iarrthach a mholadh, ***rachaidh*** an t-údarás

féadfaidh an t-údarás iarrtha dul i gcomhairle freisin leis an údarás iarrthach maidir leis an bhféidearthacht iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint.	iarrtha i gcomhairle freisin leis an údarás iarrthach maidir leis an bhféidearthacht iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint.
	Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfar freagra gan mhoill ar iarrataí ar chomhairliúcháin.	4. Tabharfar freagra gan moill ***mhíchuí*** ar iarrataí ar chomhairliúcháin.
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 15a
	Faisnéis atá le soláthar don duine atá faoi dhrochamhras agus don duine atá cúisithe
	1. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1) chun glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfaidh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile, an duine ata faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann siad, maidir le heisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú nó teacht air. Cuirfidh an t-údarás iarrtha cóip den chinneadh réasúnaithe lena nglactar le haistriú na n-imeachtaí ar fáil don duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an

duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas dlí a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama don leigheas sin, ach amháin murar féidir an duine sin a aimsiú nó teacht air. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrtha cúnamh a lorg ón údarás iarrthach chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

2. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(3) chun aistriú na niimeachtaí a dhiúltú, déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfaidh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú, an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas gan moill mhíchuí, i dteanga a thuigeann siad, maidir le heisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla agus faoi dhiúltú an aistrithe ina dhiaidh sin ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú nó teacht air. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrthach cúnamh a lorg ón údarás iarrtha chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal15b
	Faisnéis atá le soláthar don íospartach
	1. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1) glacadh le haistriú na n-imeachtaí agus ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht

imscrúdaithe nó nach ndéanfadh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú, déanfaidh an t-údarás iarrtha, gan moill mhíchuí, an t-íospartach a d'iarr faisnéis a fháil maidir leis na himeachtaí coiriúla i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE, i dteanga a thuigeann an t-íospartach, a chur ar an eolas faoi eisiúint na hiarrata ar imeachtaí coiriúla a aistriú agus faoi ghlacadh an aistrithe ina dhiaidh sin ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an t-íospartach sin a aimsiú nó teacht air a thuilleadh. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-íospartach ar an eolas freisin faoina cheart nó faoina ceart chun leigheas dlí éifeachtach a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear maidir leis na teorainneacha ama don leigheas sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrtha cúnamh a lorg ón údarás iarrthach chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

2. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(3) chun aistriú na n-imeachtaí a dhiúltú, déanfaidh an t-údarás iarrtha, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfadh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú, gan moill mhíchuí, an t-íospartach a d'iarr faisnéis a fháil maidir leis na himeachtaí coiriúla i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE, i dteanga a thuigeann an t-íospartach, a chur ar an eolas faoi eisiúint na hiarrata ar imeachtaí coiriúla a aistriú agus faoi dhiúltú an aistrithe ina dhiaidh sin ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an t-íospartach sin a aimsiú nó teacht air a thuilleadh. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrthach cúnamh a lorg ón údarás iarrtha chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal15c
	Ceart chun leigheas éifeachtaigh dlí
	1. Beidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh leigheasanna éifeachtacha dlí a fháil sa Stát iarrtha in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.
	2. Déanfar an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát iarrtha i gcomhréir lena dhlí. Scrúdóidh an chúirt bailíocht an chinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo, lena n-áirítear Airteagal 5 agus Airteagal 13.
	3. Forálfaidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe, agus íospartaigh rochtain a fháil ar an gcomhad chomh maith le haon chearta nós imeachta eile is gá chun a gceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú go héifeachtach. Beidh an rochtain ar an gcomhad teoranta do na doiciméid a bhaineann le haistriú imeachtaí coiriúla agus na doiciméid is gá chun a gceart chun leighis éifeachtaigh a fheidhmiú.
	4. Ní bheidh an teorainn ama chun leigheas dlí a lorg níos faide ná 14 lá ón dáta a fhaightear an fhaisnéis faoin gcinneadh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5. Déanfaidh an chúirt sa Stát iarrtha a cinneadh maidir leis an leigheas dlí gan moill mhíchuí agus, i gcás inar féidir, laistigh de 60 lá.
	5. I gcás ina n-éireoidh leis an leigheas dlí atá á lorg, fillfidh na

himeachtaí coiriúla ar an Stát iarrthach nó fanfaidh siad ann, ach amháin má chinneann an chúirt sa Stát iarrtha a mhalairt.

6. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na leigheasanna éifeachtacha dlí atá á lorg faoin Airteagal seo agus faoina dtoradh deiridh laistigh de 5 lá oibre ón tráth a dhéantar an cinneadh maidir leis na leigheasanna dlí.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) comhordú a dhéanamh, tar éis imeachtaí coiriúla a aistriú, leis an údarás iarrtha, agus le rannpháirtíocht luath Eurojust, maidir le bearta sealadacha a rinneadh roimh an aistriú.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi scor d'imeachtaí coiriúla nó faoi aon chinneadh a tugadh ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear má chuireann an cinneadh sin, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar ionchúiseamh breise agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé bac ar imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin nó faoi fhaisnéis eile a bhfuil luach substaintiúil ag baint léi. Cuirfidh sé cóip den chinneadh i	Cuirfidh an t-údarás iarrtha ***a eisíonn an cinneadh deiridh*** an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi scor d'imeachtaí coiriúla nó faoi aon chinneadh a tugadh ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear má chuireann an cinneadh sin, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar ionchúiseamh breise agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé bac ar imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin nó faoi fhaisnéis eile a bhfuil luach substaintiúil ag baint léi. Cuirfidh sé cóip

scríbhinn arna thabhairt ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla ar aghaidh chuig an údarás iarrthach.	den chinneadh i scríbhinn arna thabhairt ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla ar aghaidh chuig an údarás iarrthach.
	Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ráiteas Míniúcháin - Rapóirtéir Kanko - Togra le haghaidh Rialachán maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú 2023/0093/COD

De bharr scaipeadh na coireachta trasteorann agus go háirithe na ***coireachta*** tromchúisí arna ndéanamh ag ***grúpaí eagraithe***, táimid ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí nua a chomhlíonfadh bealaí éalaithe sa reachtaíocht Eorpach.

Tá an méid sin tábhachtach go háirithe i gcás coireanna trasnáisiúnta a imscrúdú, ar coireanna iad a dhéanann grúpaí coiriúla eagraithe, amhail gáinneáil ar dhrugaí, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar airm, coireacht chomhshaoil, cibearchoireacht nó sciúradh airgid.

Fágann an méadú ar líon na gcásanna sin go bhfuil dlínse ag roinnt Ballstát na cionta coiriúla céanna nó cionta coiriúla gaolmhara a imscrúdú agus a thabhairt chun trialach.

Cruthaíonn an creat dlíthiúil ilroinnte atá ann faoi láthair roinnt saincheisteanna dlí agus deacrachtaí praiticiúla, áfach, rud a fhágann gur minic gur nós imeachta anásta é imeachtaí a aistriú chuig Ballstát eile agus nach mbíonn rath air i gcónaí.

Meastar gur bunchloch den chomhar idirnáisiúnta breithiúnach iad imeachtaí a aistriú ach bhí siad díolmhaithe den chuid is mó go dtí seo ó thionchar reachtóir AE.

Is iomaí dúshlán praiticiúil atá os comhair na gcóras breithiúnach náisiúnta maidir le haistriú imeachtaí coiriúla. Áirítear leis an liosta sin rialacha éagsúla maidir le fianaise, costas agus cáilíocht na n-aistriúchán, easpa comhairliúcháin agus comhordaithe chomh maith le teorainneacha ama maidir le cinntí a dhéanamh.

Dá bhrí sin, aithníonn an Rapóirtéir go bhfuil géarghá le hionstraim nua lena gcuirfear feabhas ar chomhar breithiúnach idir na Ballstáit agus lena leagfar síos rialacha soiléire maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir go mbeidh comhchuibhiú sa réimse sin ina chéim thábhachtach chun tosaigh agus go n-éascófar riar cuí an cheartais, go gcoiscfear saoirse ó phionós, go seachnófar sáruithe ar an bprionsabal *ne bis in idem* agus go n-áiritheofar comhrac éifeachtach i gcoinne na coireachta trasteorann.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil gá soiléir le reachtaíocht a chabhraíonn le himeachtaí comhthreomhara agus dlínsí forluiteacha a tharlaíonn i gcásanna a ndearnadh an cion i gcríocha roinnt Ballstát a eisiamh, nó i gcás a dtarlaíonn éifeachtaí ciona ar chríocha roinnt Ballstát.

Tacaíonn an Rapóirtéir le haidhm togra nua chun rialacha comhchoiteanna a sholáthar chun imeachtaí coiriúla a aistriú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile chun éifeachtúlacht a mhéadú maidir le coireacht trasteorann a chomhrac agus chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ballstát is oiriúnaí imscrúduithe nó go ndéanfaidh sé cion coiriúil a ionchúiseamh.

Mar sin féin, feictear don Rapóirtéir go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur ar an togra reatha ó thaobh deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtachta agus éifeachtúlachta de agus, dá bhrí sin, tá roinnt athruithe ar théacs an Choimisiúin á gcur i láthair aige.

I measc nithe eile, déanann an Rapóirtéir an méid seo a leanas:

- raon feidhme níos iomchuí a chinntiú d'aistriú na n-imeachtaí coiriúla gan bac a chur ar imscrúduithe trí chur chuige praiticiúil a mholadh agus trína shonrú go mbeidh feidhm ag an rialachán seo i ngach cás san Aontas maidir leis an duine atá faoi dhrochamhras;
- an sainmhíniú atá beartaithe ar an íospartach a leathnú chuig daoine dlítheanacha chun eintitis a d'fhulaing díobháil nó caillteanas eacnamaíoch mar thoradh díreach ar chion coiriúil a chur san áireamh;

- ról agus cearta daoine atá faoi dhrochamhras nó cúisithe sa nós imeachta maidir le himeacht a aistriú a shoiléiriú trína chur i bhfáth nach gcuirfidh tuairim dhiúltach an duine atá faoi dhrochamhras nó cúisithe maidir le haistriú imeachtaí coiriúla cosc ar aistriú den sórt sin, ós rud é gur faoin údarás inniúil sa Bhallstát iarrtha atá an cinneadh sin, lena soiléirítear leasanna na n-íospartach agus na cearta a thugtar dóibh sa phróiseas aistrithe imeachtaí trí theideal a thabhairt cheana féin d'íospartach amháin agus ní hamháin do 'thromlach na n-íospartach' chun a mholadh go n-aistreofaí imeacht coiriúil;
- á chur i bhfáth nach bhféadfar an duine atá faoi dhrochamhras nó cúisithe a chur ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe ar imeacht coiriúil ach amháin más rud é nach ndéanfadh an fhaisnéis sin dochar don imscrúdú;
- ag cur spriocdhátaí ar aghaidh lena bhféadfaí an t-imeacht coiriúil a aistriú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tapúla;
- á chur i bhfios go bhfuil na comhairliúcháin idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha éigeantach sula n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla;
- ag tabhairt isteach foráil nua lena n-iarrtar comhordú idir an t-údarás iarrtha agus an t-údarás iarrthach tar éis an aistrithe, maidir leis na bearta sealadacha a rinneadh.

Creideann an Rapóirtéir go rannchuideoidh an ionstraim nua seo le dea-riar an cheartais agus go háirithe le comhar éifeachtúil idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát.